Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Sonraíocht na Folláine
do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Tacaíocht le haghaidh Feidhmiú Curaclaim

Éascaitheoir:

CC BY NC

Dearbhú Cáilíochta

Oide



Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

An Chigireacht
Inspectorate

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth


Ionchais













An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe

Oide

Folláine le Chéile
Wellbeing Together

SMS:
Téacsáil 'Hi' chuig 087 145 2056
WhatsApp:
Téacsáil 'Hi' chuig 087 369 0010
Saorghlao Éire
1800 411 057



www.gov.ie

Sonraíocht na Folláine agus Tacaíochtaí

Oide



Sonraíocht na Folláine



Tacar Uirlisí CNCM




Tacaíochtaí ROÓ

Gníomhaíocht Tosaigh

Oide






Tacaíocht le haghaidh Feidhmiú Curaclaim


Seisiún 1	**Forléargas ar shonraíocht na Folláine**
	Sos
Seisiún 2	**Torthaí Foghlama**
	Lón
Seisiún 3	***Curaclam na Folláine i bhfeidhm* agus na Chéad Chéimeanna eile**

An tAistear go dtí Seo














2019 → 2023 → 2024 → 2025 → 2025/26 → 2026/27











Cur i bhFeidhm na Folláine: Bliain 1


Ciorclán 0052/2026

Cuairt 1: Lá Dúnadh Scoile

Cuairt 2: Cuairt Ionscoile

Cuairt 3: Lá Dúnadh Scoile

Lá Dúnadh Scoile faoi Stiúir na Scoile



An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Ciorclán 0052/2026

Tacaíocht do Churaclam athfhorbartha na Bunscoile 2026/2027

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Baill Foirne Teagaisc na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.

1. Leanúint leis an aistear

Tá an ciorclán seo dírithe ar gach bunscoil agus scoil speisialta, agus leanann sé leis an aistear a leagadh amach sna leaganacha nuashonraithe roimhe a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2024, i mí na Samhna 2024 agus i mí Aibreáin 2025. In éineacht leis an gciorclán seo, tá *Treoir maidir le Pleanáil Curaclaim Scoile Uile (2026)* agus *Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnú: Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (arna nuashonrú sa bhliain 2026)* á bhfoilsiú.

Tugtar sa chiorclán faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

- Curaclam athfhorbartha na Bunscoile a chur i bhfeidhm
- Do réimse curaclaim a roghnú
- Amlíne na foghlama gairmiúla
- Tacaí do Churaclam athfhorbartha na Bunscoile
- Cistiú le haghaidh acmhainní chun tacú le gach réimse curaclaim
- Foilsiú na dTreoirdhoiciméad
- Tionscadal Taighde
- Tuilleadh Faisnéise

2. Curaclam athfhorbartha na Bunscoile a chur i bhfeidhm

Iarracht chomhchoiteann a chuireann le láidreachtaí atá ann cheana is ea curaclam athfhorbartha na bunscoile a chur i bhfeidhm. Is trí chomhoibriú a dhéantar é, agus tógann sé am chun athrú fadtéarmach fiúntach a chruthú i scoileanna agus i seomraí ranga.

Sa chéad chéim den chur i bhfeidhm, ba cheart do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta eolas a chur ar an réimse nua curaclaim nó na réimsí nua curaclaim agus ar acmhainní nua amhail na hUirlisí Úsáide atá ar fáil ag Bunscoil | Curaclam ar Líne agus sa doiciméad *Pleanáil Curaclaim Scoile Uile: Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta* (2026) (tá tuilleadh mionsonraí tugtha níos déanaí sa doiciméad seo).


Leithdháiltí ama

Ba cheart do gach scoil na leithdháiltí molta nua ama atá leagtha amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile* (2023) a chur chun feidhme faoi dheireadh an chéad timthrialla um chur i bhfeidhm curaclaim, i.e., faoi dheireadh na scoilbhliana 2027/2028.


1


Príomhdhoiciméid

Oide












Príomhdhoiciméid

Oide







Na Teachtaireachtaí is Tábhachtaí maidir le Feidhmiú

Oide

Bíonn cur i bhfeidhm rathúil shonraíocht na Folláine ag brath ar ullmhúchán éifeachtach don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú ag múinteoirí agus scoileanna.



Baineann sé sin leis an méid atá leagtha síos sa tsonraíocht a thabhairt chun beatha agus é a leabú in Eispéiris Foghlama páistí a léiríonn fís an churaclaim.



Is éard atá i gceist leis seo ná rannpháirtíocht fhiúntach leis an tsonraíocht agus leis na tacaíochtaí a ghabhann léi, chomh maith le forbairt pleananna curaclaim na scoile uile agus cuir chuige chomhaontaithe na scoile uile.



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Seisiún 1

Tús Eolais ar Fholláine

CC BY NC

Forléargas agus Torthaí an tSeisiúin

Seisiún 1

Fiosraigh an curaclam Folláine agus a phríomhghnéithe.

Cuir an rud a bhfuil cur amach air leis an rud atá difriúil.

Cuimhnigh ar na himpleachtaí atá ag na forbairtí seo ar an bhfoghlaim, teagasc, agus measúnú inar gcomhthéacs féin.



Cad is Folláine ann?


"Is ann d'fholláine an duine nuair a éiríonn leo lánacmhainn a bhaint amach, nuair a léiríonn siad teacht aniar agus iad ag déileáil le gnáthstruis an tsaoil, nuair a thugann siad aire dá bhfolláine choirp agus má mhothaíonn siad go bhfuil cuspóir, ceangal agus mothú cómhuintearais acu le pobal níos leithne. Staid iomlaoideach í seo ar gá í a chothú le linn shaol an duine." (ROO, 2018)



2 nóim


Tuiscint ar Fholláine

Le linn OSPS agus Corpoideachais, foghlaimíonn leanaí ..



Rud iomlánaíoch, ceangailte, agus ionchuimsitheach is ea Folláine: fisiciúil, sóisialta, caidreamhach, mothúchánach, spioradálach


Féachaimis ar *Fholláine*
Trí chomhthéacs na Folláine





Féachaimis ar Fholláine

Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)



Forléargas ar Shonraíocht na Folláine





Réasúnaíocht

Oide

Tá sonraíocht na Folláine bunaithe ar luachanna an mheasa, an chomhionannais, na hionchuimsitheachta, na freagrachta, na dínite, na comhbhá, na hionbhá agus ceart daonna.



8-9

Aidhmeanna

Tá sé mar aidhm ag sonraíocht na *Folláine* go mbeidh páistí in ann:

- a bhfolláine mhothúchánach a chothú.
- a dtuiscint ar mhaireachtáil shláintiúil a dhoimhniú.
- a n-inniúlacht gluaiseachta a fhorbairt.
- a braistint muintearas a fheabhsú.
- léirthuiscint ar ghluaiseacht a chothú.
- braistint láidir sábháilteachta pearsanta agus comhchoitinne a chothú.
- Caidrimh thacúla agus shláintiúla a bhunú agus a choinneáil.
- A mbealach a dhéanamh trí na meáin agus tríd an domhan digiteach go sábháilte agus go freagrach.
- Taitneamh ar feadh an tsaoil agus rannpháirteachas i ngníomhaíocht choirp a chothú. .



Aidhmeanna

Oide

Léigh an aidhm a leagadh ort agus cuimhnigh ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas atá do chleachtas i do chomthéacs reatha ag teacht leis an aidhm sin?

2. Cad iad na slite ar féidir leat do chleachtas a athrú chun an aidhm sin a fhorbairt a thuilleadh?




6 nóim


11

Ó Nithe a Aithnímid go Nithe Nua


Oide



Am




Torthaí Foghlama



Snáithe agus Struchtúr

Na Snáitheanna agus na Snáithaonaid

Oide



Ábhartha agus infheidhme maidir le comhthéacsanna an Chorpoideachais agus OSPS araon

15

Réimsí Aitheanta Foglama in OSPS

Oide

- Bí Sábháilte
- Substaintí
- OCG
- Folláine Dhigiteach



- Saoránacht
- Mothúcháin
- Teaghlach
- Cosc Bulaíochta

Cad atá Difriúil in OSPS?

Oide

- Oideachas mothúchánach agus caidreamhach
  - Caidrimh
    - toiliú
    - ghnéaschlaonadh
- Oideachas sláinte
  - Forbairt an duine
    - mothúcháin mheallta
    - tacaíocht
- Pobal agus muintearas
  - Teaghlach
    - cineálacha éagsúla struchtúr teaghlaigh



Fócas ar Chorpoideachas

Oide

- Inniúlacht gluaiseachta
  - Scileanna gluaiseachta
  - Coincheapa gluaiseachta
  - Straitéisí gluaiseachta
  - Gluaiseacht agus mé féin
- Oideachas mothúchánach agus caidreamhach
  - obair foirne
  - comhoibriú
  - feasacht mhothúchánach sa ghluaiseacht
- Oideachas sláinte
  - tionchair fhisiciúla gníomhaíochta a thuiscint
  - sábháilteacht sa ghluaisteacht
- Pobal agus muintearas
  - cothrom na Féinne
  - róil i bhfoirne
  - rannpháirtíocht



Réimsí Gníomhaíochta an Chorpoideachais

Oide

Le sonraíocht na Folláine áirítear seacht **réimse gníomhaíochta den Chorpoideachas**.

Is iad réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais an meán trínar féidir le páistí na Torthaí Foghlama atá ábhartha maidir leis an gCorpoideachas a bhaint amach ar fud Chéimeanna 1 go 4.



Ba cheart go bhfaigheadh páistí taithí ar réimse leathan agus cothromaithe réimsí gníomhaíochta i ngach céim.

Ní foláir do scoileanna sé cinn de na seacht réimse gníomhaíochta Corpoideachais a chlúdach laistigh de gach céim.



Maireachtáil Ghníomhach

Oide

Léirítear réimse gníomhaíochtaí, comhthéacsanna sóisialta agus timpeallachtaí fisiciúla, lena n-áirítear taobh istigh agus taobh amuigh, lena dtacaítear le rannpháirteachas i ngníomhaíocht choirp le linn na hóige agus lastall di.





Corpoideachas, Spórt agus Gníomhaíocht Choirp

Oide

Leis an gCorpoideachas tagraítear do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar ghluaiseacht a mhúintear mar chuid den churaclam laistigh den leithdháileadh ama seachtainiúil.

5 nóim



Corpoideachas, Spórt agus Gníomhaíocht Choirp

Oide



5 nóim



Corpoideachas, Spórt agus Gníomhaíocht Choirp

Oide

San Fholláine, is é **CO** an fócas. Is róil chomhlántacha iad an spórt agus gníomhaíocht coirp lasmuigh den churaclam.

Déan an cód QR a scanadh agus cuir an t-imeacht shórtála i gcrích agus tú ag baint úsáid as na 3 cheannteideal sna colúin éagsúla:

Corpoideachas	Spórt	Gníomhaíocht choirp

5 nóim



Corpoideachas, Spórt agus Gníomhaíocht Choirp

Oide

Corpoideachas

Gníomhaíochtai curaclambhunaithe a bhaineann le gluaiseacht

- Taobh istigh de dháileadh ama seachtainiúil
- Foghlaim agus rannpháirtíocht atá oiriúnach d'aois
- Fócas: taitneamh, dul chun cinn agus timpealllachtáí ionchuimsitheacha
- Á mhúineadh mar chuid den churaclam



Á mhúineadh mar chuid den churaclam

Spórt

Gníomhaíochtai iomaíocha seach-churaclaim

- Sraith struchtúrtha rialacha
- Béim ar iomaíocht



Taobh amuigh den churaclam

Gníomhaíocht Choirp

Gluaiseacht choirp ar bith

- Téarma uileghabhálach le haghaidh gach gluaiseachta
- Seach-churaclam: am sosa, sosanna gluaiseachta, etc.



Taobh amuigh den churaclam

San Fholláine, is é CO an fócas. Is róil chomhlántacha iad an spórt agus gníomhaíocht coirp lasmuigh den churaclam.

2 nóim



Glac Sos agus Déan Machnamh

Seisiún 1



5 nóim

Sos



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Seisiún 2

Cíoradh ar na Torthaí Foghlama

CC BY NC

Forléargas agus Torthaí an tSeisiúin

Seisiún 2


A thuiscint go bhfuil na gnéithe mar threoir ar an “conas” maidir le foghlaim an scoláire

Ár dtuiscint ar na torthaí foghlama a dhaingniú.

Fiosraigh an tslí a dtacaíonn Torthaí Foghlama le Foghlaim, Teagasc, agus Measúnú idirnasctha i *bhFolláine.*




Gnéithe


Oideachas mothúchánach agus caidreamhach
Féiniúlacht // Feasacht mhothúchánach agus cur in iúl
Caidrimh // Teacht aniar // Roghanna a dhéanamh
5
Oideachas sláinte
Maireachtáil shláintiúil // Substaintí // Forbairt an duine
Sábháilteacht // Folláine na meán agus folláine dhigiteach
5
Inniúlacht gluaiseachta
Scileanna gluaiseachta // Coincheapa gluaiseachta
Straitéisí gluaiseachta // Gluaiseacht agus mé féin
4
Fóllaine
Pobal agus muintearas
Braistint muintearais // Teaghlach
Cearta agus cothroime // Saoránacht
4
Cumarsáid
Fiosrú agus cur i bhfeidhm
Gluaiseacht
Machnamh agus tuiscint

Cíoradh ar na Gnéithe

Oide

6a: Foghlaim i sonraíocht na *Folláine*



1. Rangaigh na samplaí sin ó shonraíocht na *Folláine* de réir na nGnéithe cuí.

2. Cé acu Gné is soiléire is dóigh leat i do chuid cleachtais agus cad atá ina chúis lena rath?

6 nóim




Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht









Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht







Príomhinniúlachtaí



Tábla 6: Eochair eolais na príomhinniúlachta

Túslitreacha	Príomhinniúlacht
SG	A bheith i do shaoránach gníomhach
FG	A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach
CT	A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C	A bheith cruthaitheach
FD	A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach
M	A bheith matamaiticiúil
S	A bheith slán

Tábla 5: Samplaí de thréithe gach príomhinniúlachta a fhorbraítear trí fhoghlaim i sonraíocht na *Folláine*

Príomhinniúlacht	Samplaí de thréithe a fhorbraítear trí fhoghlaim i sonraíocht na *Folláine*
A bheith i do shaoránach gníomhach	• Braistint cothroime, ionbhá, oibre foirne agus measa a chothú le linn léirthuiscint ar éagsúlacht agus pobal a spreagadh • Aitheantas ar chearta agus freagrachtaí a chumasú, forbairt a dhéanamh ar an gcumas le roghanna eolasacha a dhéanamh, agus blaiseadh den fhoghlaim trí chleachtais dhaonlathacha
A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach	• Foghlaim ghníomhach a chur chun cinn trí eispéiris phraiticiúla, leagan síos spriocanna a spreagadh agus guth páistí a chumhachtú • Féinfheasacht, féinrialúchán agus smaointeoireacht mhachnamhach a spreagadh
A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid	• Scileanna cumarsáide éifeachtacha, éisteacht ghníomhach agus réiteach coinbhleachta a chothú, rud a chumasaíonn do pháistí cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú • Feabhas a chur ar bhealach a dhéanamh go criticiúil trí fhaisnéis chun cinnteoireacht eolasach a chothú
A bheith cruthaitheach	• Féinléiriú cruthaitheach a chumasú ar bhealaí iomadúla, amhail trí ghluaiseacht, scéalaíocht, rólimirt agus go físiúil • Dul i mbun eispéiris spraiúla chun fiosracht, samhlaíocht agus leathanaigeantacht a chothú agus chun a bhfolláine iomlánaíoch a fheabhsú
A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach	• Smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn faoi úsáid na teicneolaíochta digití i gcomhthéacsanna éagsúla chun tacú le folláine fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus chaidreamhach • Úsáid shábháilte, eiticiúil agus fhreagrach theicneolaíochtaí digiteacha a chumhachtú
A bheith matamaiticiúil	• Tabhairt faoi chatagóiriú agus teanga mhatamaiticiúil a úsáid le linn gníomhaíochtaí gluaiseachta • Feasacht ar spásúlacht agus tuiscint ar phatrúin agus seichimh a fhorbairt
A bheith slán	• Páistí a chumasú chun roghanna eolasacha a dhéanamh chun tacú le stíleanna maireachtála sláintiúla agus gníomhacha • An t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna a thabhairt do pháistí chun a bhfolláine iomlánaíoch a chothú



3 nóim



Torthaí Foghlama



'Le Torthaí Foghlama déantar cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt bheartaithe do na páistí uile i ndeireadh céim dhá bhliain'

'I bhfianaise a leithne atá siad, ... agus an comhthéacs agus réamhfhoghlaim na bpáistí á gcur san áireamh, ... is féidir le múinteoirí díriú ar ghnéithe ar leith de Thoradh Foghlama.'

Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:

Cíoradh ar na Torthaí Foghlama

Oide

Torthaí Foghlama don Snáithe: **Oideachas mothúchánach agus caidreamhach**

Snáithaonad	Céim 1 Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha	Céim 2 Rang a haon agus a dó	Céim 3 Rang a trí agus a ceathair	Céim 4 Rang a cúig agus a sé
	Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:			
Feasacht mhothúchánach agus cur in iúl	réimse mothúchán agus braistintí coitianta a aithint agus a ainmniú agus tosú ar scileanna comhbhácha a thaispeáint. S, CT, FG straitéisí a fhiosrú agus a chleachtadh chun mothúcháin agus braistintí a fhéinrialú/a chomhrialú agus a chur in iúl go héifeachtach. S, CT, FG	réimse leathan mothúchán agus braistintí a aithint, a ainmniú agus a ndéine a mheas, agus freagairt go tuisceanach do bhraistintí agus mothúcháin daoine eile. S, CT, FG scil mhéadaithe a léiriú maidir le mothúcháin agus braistintí a chur in iúl agus maidir le féinrialú/comhrialú, ag aithint nuair atá mothúcháin agus braistintí ag géarú S, CT, FG	**Corpoideachas** cur síos a dhéanamh ar mhothúcháin agus braistintí roimh ghluaiseacht, lena linn agus ina diaidh, agus an tionchar atá acu orthu féin agus ar dhaoine eile a fhiosú agus straitéisí a chleachtadh chun mothúcháin a rialú. S, CT, FG **OSPS** feasacht ar fhreagraí mothúchánacha pearsanta a thaispeáint, agus machnamh á dhéanamh ar fhachtóirí laistigh agus lasmuigh dá rialú lena bhféadfar tionchar a in orthu. S, CT, FG	**Corpoideachas** tabhairt faoi mhachnamh chun feasacht a dhoimhniú ar an nasc idir gluaiseacht, mothúchain agus braistintí agus straitéisí rialála a chur i bhfeidhm chun mothúcháin a bhainistiú. S, CT, FG **OSPS** tabhairt faoi fhéinmhachnamh chun feasacht ar fhreagraí mothúchánacha pearsanta a dhoimhniú, agus tosú ar phatrúin a aithint. S, CT, FG

Dul chun cinn & comhleanúnachas

Príomhinniúlachtaí





Cíoradh ar na Torthaí Foghlama

Oide

Torthaí Foghlama don Snáithe: **Inniúlacht gluaiseachta**				
Snáithaonad	**Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha	**Céim 2** Rang a haon agus a dó	**Céim 3** Rang a trí agus a ceathair	**Céim 4** Rang a cúig agus a sé
	Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:			
Scileanna gluaiseachta	réimse scileanna gluaiseachta láimhsithe a fhiosrú agus a fhorbairt amhail a bheith ag breith ar, ag caitheamh, ag ciceáil agus ag bualadh leis an lámh/le huirlis trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M	réimse scileanna gluaiseachta láimhsithe a chleachtadh agus a mhionathrú amhail a bheith ag breith ar, ag caitheamh, ag ciceáil agus ag bualadh leis an lámh/le huirlis trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M	réimse scileanna gluaiseachta láimhsithe a choigeartú agus a chur i bhfeidhm le muinín mhéadaitheach amhail a bheith ag breith ar, ag caitheamh, ag ciceáil agus ag bualadh leis an lámh/le huirlis trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M	réimse scileanna gluaiseachta láimhsithe a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs, amhail a bheith ag breith ar, ag caitheamh, ag ciceáil agus ag bualadh leis an lámh/le huirlis trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M

Dul chun cinn & comhleanúnachas

Príomhinniúlachtaí



Cíoradh ar na Torthaí Foghlama

Ceangail ar fud snáitheanna & snáithaonaid

Torthaí Foghlama don Snáithe: **Pobal agus muintearas**

Snáithaonad	Céim 1 Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha	Céim 2 Rang a haon agus a dó	Céim 3 Rang a trí agus a ceathair	Céim 4 Rang a cúig agus a sé
	Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:			
Cearta agus cothroime	tosú ar thuiscint ar chearta, cothromas, comhionannas agus cothrom na féinne a fhorbairt, agus samplaí á sainaithint ina saolta, agus tosú ar chothroime a thaispeáint in idirghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí. S, SG, FG	plé a dhéanamh ar an tábhacht atá le cearta, cothromas, comhionannas agus cothrom na féinne, agus samplaí óna saolta agus/nó ón bpobal níos leithne a fhiosrú, agus cothroime in idirghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí á dtaispeáint. S, SG, FG	**Corpoideachas** príomhghnéithe de chothrom na féinne a chleachtadh agus an tábhacht atá leis do rannpháirtíocht, rialacha agus béasaíocht i ngníomhaíochtaí coirp agus/nó spórt a aithint. S, SG, FG **OSPS** cur síos a dhéanamh ar an tábhacht atá le cearta, cothroime, cothromas agus comhionannas. S, SG, FG samplaí de steiréitíopaí (lena n-áirítear steiréitíopaí inscne), éagothroime agus	**Corpoideachas** príomhghnéithe de chothrom na féinne a chorprú agus léirthuiscint a léiriú ar an tábhacht atá leis do rannpháirtíocht, rialacha agus béasaíocht i ngníomhaíochtaí coirp agus/nó spóirt. S, SG, FG **OSPS** léirthuiscint a léiriú ar an tábhacht atá le cearta, cothromas, comhionannas agus ceartas, agus plé a dhéanamh ar na forais faoina bhfuil cosc ar leithcheal in Éirinn. S, SG, FG scrúdú a dhéanamh ar thionchar féideartha steiréitíopaí (lena n-áirítear steiréitíopaí inscne),

Ábhartha agus infheidhme maidir le comhthéacsanna an Chorpoideachais agus OSPS araon

Torthaí Foghlama comhtháite

Teagasc a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith agus ceangail á gcoinneáil

Cíoradh ar na Torthaí Foghlama

Oide

Torthaí Foghlama don Snáithe: **Pobal agus muintearas**				
Snáithaonad	**Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha	**Céim 2** Rang a haon agus a dó	**Céim 3** Rang a trí agus a ceathair	**Céim 4** Rang a cúig agus a sé
Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:				
Braistint muintearais	ceangail le daoine agus áit a fhiosrú, agus blaiseadh á fháil ar bhraistint muintearais laistigh dá rang, dá scoil agus dá bpobal, agus éagsúlacht á haithint agus á léirthuiscint, agus páirt á glacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus an ról luachmhar atá ag daoine éagsúla á aithint. S, FG, SG		**Corpoideachas** an ról suntasach is féidir a bheith ag gníomhaíocht choirp i mbraistint muintearais a chothú laistigh dá rang Corpoideachais, dá bpobal scoile agus dá dtimpeallacht a léirthuiscint. S, SG, CT tabhairt faoi ghníomhaíochtaí coirp/spóirt óna gcultúir féin agus ó chultúir eile agus cur síos a dhéanamh ar thábhacht gníomhaíochtaí cultúrtha don phobal agus don mhuintearas. S, SG, CT	

Eispéiris a oiriúnú

Torthaí Foghlama thar céim amháin nó 2 chéim




Torthaí Foghlama

Corpoideachas

réimse scileanna gluaiseachta seasmhachta a fhiosrú agus a fhorbairt amhail a bheith ag cothromú, ag tuirlingt, ar snámh in uisce, ag casadh, ag rolladh agus ag imchasadh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG

Snáithe: Inniúlacht gluaiseachta
Snáithaonad: Scileanna gluaiseachta
Céim 1








Torthaí Foghlama

Corpoideachas

réimse scileanna gluaiseachta seasmhachta a fhiosrú agus a fhorbairt amhail a bheith ag cothromú, ag tuirlingt, ar snámh in uisce, ag casadh, ag rolladh agus ag imchasadh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG

Snáithe: Inniúlacht gluaiseachta
Snáithaonad: Scileanna gluaiseachta
Céim 1







Torthaí Foghlama

Corpoideachas



Snáithe: Inniúlacht gluaiseachta
Snáithaonad: Scileanna gluaiseachta
Céim 1

Cad é an Toradh Foghlama?

Cad é an Fócas Foghlama?

Cén réimse gníomhaíochta an Chorpoideachais a roghnófar?

Cén Eispéaras Foghlama a thacóidh le páistí foghlaim agus a gcuid foghlama a léiriú?





Torthaí Foghlama
Corpoideachas

AN CIGIRE GLUAISEACHTA

Scil na cothromaíochta a thabhairt isteach

Déanaigí cothromaíocht ar aon chos amháin...	*Effective questions*
• leis na géaga sínte amach ar na taobhanna	*Cén fáth a dteastaíonn na géaga?*
• leis na lámha ar na cromáin	*Cén chaoi a gcabhraíonn sé sin nó a n-éiríonn sé níos deacra dá bharr?*
• le pónaireán ar an gceann	*Cén chaoi a bhfuil sé éagsúil?*
• leis an gcos nach bhfuiltear ag cothromú léi os comhar na coise tacaíochta	*Cé acu is éasca?*
• leis an gcos nach bhfuiltear ag cothromú léi taobh thiar den chos tacaíochta	
• leis an dá chos greamaithe dá chéile	
• leis na súile dúnta	*Cad faoi a bhfuil sibh ag smaoineamh?*
• agus an teicníc cheart in úsáid ó thús deireadh	*Let's put it all together!*

- Cad é an Toradh Foghlama?
- Cad é an Fócas Foghlama?
- Cén réimse gníomhaíochta an Chorpoideachais a roghnófar?
- Cén Eispéaras Foghlama a thacóidh le páistí foghlaim agus a gcuid foghlama a léiriú?





Torthaí Foghlama

OSPS

léirthuiscint a léiriú ar an ngá le húsáid shábháilte agus fhreagrach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha mar chuid de stíl mhaireachtála chothromaithe, agus na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha atá acu ar fholláine á gcur san áireamh agus straitéisí a ghlacadh chun tacú le húsáid shábháilte, eiticiúil agus fhreagrach. S, FD, CT

Cad é an Toradh Foghlama?

Cad é an Fócas Foghlama?

Cén réimse gníomhaíochta an Chorpoideachais a roghnófar?

Cén Eispéaras Foghlama a thacóidh le páistí foghlaim agus a gcuid foghlama a léiriú?

15 nóim

Snáithe: Oideachas sláinte
Snáithaonad: Folláine na meán agus folláine dhigiteach
Céim 3

Torthaí Foghlama

Tasc:
Oibrígí **in bhur mbeirteanna** chun an Toradh Foghlama a sannadh daoibh a phlé.

Bain úsáid as na treoircheisteanna chun struchtúr a chur ar bhur bplé agus chun an eangach a líonadh.

- Cad é an Toradh Foghlama?
- Cad é an Fócas Foghlama?
- Cén réimse gníomhaíochta an Chorpoideachais a roghnófar?
- Cén Eispéaras Foghlama a thacóidh le páistí foghlaim agus a gcuid foghlama a léiriú?

10 nóim



Torthaí Foghlama

Oide

Tasc: Oibrigh i **d'aonair** chun an Toradh Foghlama a sannadh duit a phlé.

Bain úsáid as na treoircheisteanna chun struchtúr a chur ar do phlé agus chun an eangach a líonadh.

- Cad é an Toradh Foghlama?
- Cad é an Fócas Foghlama?
- Cén réimse gníomhaíochta an Chorpoideachais a roghnófar?
- Cén Eispéaras Foghlama a thacóidh le páistí foghlaim agus a gcuid foghlama a léiriú?



10 nóim



Glac Sos agus Déan Machnamh
Seisiún a 2

Cad a d'fhoghlaim mé faoi Thorthaí Foghlama ar féidir liom a chur in úsáid i mo chuid ullmhúchán don fhoghlaim, teagasc agus measúnú?



5 nóim

Lón



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Seisiún 3
Curaclam na Folláine i bhFeidhm

CC BY NC

Forléargas agus Torthaí

Seisiún 3

Fiosraigh na príomhghnéithe de shonraíocht na Folláine i bhfeidhm.

Fiosraigh an tslí a dtacaítear leis an bhfoghlaim chórasach trí oideolaíochtaí coiteanna agus trí oideolaíochtaí atá sainiúil d'Fholláine.

Cuimhnigh air agus sainaithin na chéad chéimeanna eile atá sainiúil don scoil.



Curaclam na *Folláine* i bhFeidhm

Oide

6a: Foghlaim i sonraíocht na *Folláine*

6b: Teagasc i sonraíocht na *Folláine*

6c: Measúnú i sonraíocht na *Folláine*

6d: Réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais

6e: Ceisteanna praiticiúla



Curaclam na *Folláine* i bhFeidhm

Conairí Tacaíochta Bhreise

Oide

6a: Foghlaim i sonraíocht na *Folláine*



Le **Conairí Tacaíochta Breise** tugtar breac-chuntas ar na bealaí éagsúla a bhféadfadh páistí dul i ngleic leis na Torthaí Foghlama i sonraíocht na Folláine nó dul chun cinn ina dtreo a léiriú.



Curaclam na *Folláine* i bhFeidhm
Conairí Tacaíochta Bhreise

Oide

6a: Foghlaim i sonraíocht na *Folláine*

Agus úsáid á baint ag múinteoirí as na conairí, is féidir leo an t-eispéireas foghlama a mheas ar bhealach níos mionsonraithe agus leibhéil chuí an dúshláin a shainaithint do pháistí.



Tábla 7: Samplaí de na Conairí Tacaíochta Breise i sonraíocht na *Folláine*


Conair thacaíochta bhreise		Sampla i sonraíocht na *Folláine*
Blaiseadh de	Bíonn an páiste i láthair le linn gníomhaíocht foghlama. Nochtar iad don timpeallacht foghlama agus/nó bíonn siad feasach uirthi. Bíonn siad ag dul i dtaithí ar ghnéithe den timpeallacht foghlama, mar shampla, rudaí, daoine, fuaimeanna agus eispéiris chéadfacha eile.	Faigheann an páiste blaiseadh ar ghníomhaíocht pharaisiúit, agus déanann siad breathnóireacht ar ghluaiseacht agus fuaim an pharaisiúit atá á chroitheadh le liathróidí ar chruthanna, uigeacht agus dathanna difriúla. Le tacaíocht fhisiciúil mar is gá, tá tuilleadh eispéiris chéadfacha ag an bpáiste trí bheith gar don pharaisiúit nó trí bhreith air mar a chruthaítear gaoth.
Aird a thabhairt air	Tugann an páiste aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó téann i ngleic leo trí ghothaí, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht, srl., a athrú. Tá siad tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama.	Éiríonn an páiste aireach ar na daoine difriúla a chuidíonn leo ar scoil. Comhroinntear agus breathnaítear ar phictiúir de dhaoine a bhfuil aithne acu orthu. Tá athruithe ar an aird le sonrú ag léiriú go n-aithníonn siad daoine difriúla agus a róil.



Curaclam na *Folláine* i bhFeidhm

6e: Ceisteanna praiticiúla






Ag Tacú le Foghlaim Éifeachtach sa Chorpoideachas

Oide

- Rannpháirteachas
- Rannpháirtíocht uasta
- Leathan agus cothromaithe





- Forbairt scile agus tuisceana
- Deiseanna don rath
- Gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha agus cothromasacha

Ag Tacú le Foghlaim Éifeachtach san OSPS

timpeallacht foghlama shábháilte agus ionchuimsitheach a chruthú



rannpháirtíocht a chur chun cinn


teanga oiriúnach a úsáid



caidrimh a chothú

oibriú i gcomhpháirtíocht

Éascaitheoirí Seachtracha





Am a Eagrú

Oide





CO : OSPS


2:1

Céim	Leithdháiltí ama íosta a mholtar
Céim 1	2 uair 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine
Céim 2	3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine
Céim 3	3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine
Céim 4	3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine



Sonraíocht na Folláine agus Beartas Níos Leithne












Cláir










webwise.ie



Acmhainní



Ailíniú leis an tsonraíocht
Foghlaim spraíúil agus tharraingteach
Praiticiúil
Inrochtana
Solúbtha
Ionchuimsitheach
Acmhainní a roghnú


44

Curaclam na *Folláine* i bhFeidhm

Oide

6b: Teagasc i sonraíocht na Folláine



Tá ‘conas’ a fhoghlaimíonn páistí chomh tábhachtach céanna le ‘céard’ a fhoghlaimíonn siad.

3 nóim



Céard is Oideolaíocht ann?

Oide


"Is éard atá i gceist le hoideolaíocht ná an bealach a mbímid ag teagasc.
San áireamh tá na teicnící agus straitéisí a úsáideann múinteoirí chun cabhrú le leanaí a bheith ag foghlaim."
(CNCM, 2026)

"Múnlaítear gníomhaíochtaí, focail agus breithiúnais múinteoirí agus sna idirghníomhaíochtaí idir múinteoir agus foghlaimeoir. San áireamh freisin, tá an timpeallacht foghlama lena dtacaítear leis an bpróiseas seo."
(UFTM, 2026)




Cá dtosóidh mé?


Oide



An Oideolaíocht i bhfeidhm

Oide








30 nóim

An Oideolaíocht i bhfeidhm

Oide









30 nóim

An Oideolaíocht i bhfeidhm

Oide



42



43





44


30 nóim

An Oideolaíocht i bhfeidhm










An Oideolaíocht i bhfeidhm



Glac Sos agus Déan Machnamh



Conas a dhéanfaidh do chuid foghlama ón seisiún seo eolas do d'ullmhúcháin le haghaidh éispéiris foghlama na Folláine?

3 nóim

42-44

Pléimis a Thuilleadh é…

Oide





CNCM

Oide Bunscoil Folláine

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Pleanáil Gnímh Scoile Uile

CC BY NC


Pleanáil Gnímh Scoile Uile

Smaoinigh



SMAOINIGH

Agus tú ag smaoineamh ar fhoghlaim an lae, cad é a thugann tú faoi deara maidir le do chleachtas reatha maidir leis an réimse curaclaim seo: _____?




Soláthraíonn na prionsabail seo an lionsa ba cheart a bheith in úsáid ag scoileanna chun machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas scoile uile chun an curaclam athfhorbartha a achtú. lch 6.






Pleanáil Gnímh Scoile Uile
Roghnaigh

Oide



SMAOINIGH
Agus tú ag smaoineamh ar fhoghlaim an lae, cad é a thugann tú faoi deara maidir le do chleachtas reatha maidir leis an réimse curaclaim seo: _____?

ROGHNAIGH
Cad é an réimse is tábhachtaí againn chun díriú air anois?




Déanann múinteoirí príomhchinntí gach lá maidir le foghlaim, teagasc agus measúnacht ina scoil...Tá na cinntí seo ag brath ar na trí phríomhcholún. lch 8





Pleanáil Gnímh Scoile Uile
Achtaigh


Oide



SMAOINIGH
Agus tú ag smaoineamh ar fhoghlaim an lae, cad é a thugann tú faoi deara maidir le do chleachtas reatha maidir leis an réimse curaclaim seo: _____?

ROGHNAIGH
Cad é an réimse is tábhachtaí againn chun díriú air anois?

ACHTAIGH
Cad é an chéad chéim a d'fhéadfadh linn a ghlacadh chun tús a chur leis an obair seo?





Na Chéad Chéimeanna Eile don Scoil Uile Ó Mhachnamh go Gníomh

Oide

CAD É
Cad é a dhéanfaidh muid roimh an chéad chuairt eile?


CÉ
Cé a dhéanfaidh rudaí a chomhordú agus cad é mar a bheidh ionchur ag gach duine?

CÁ hUAIR
Cá huair a chuirfear tús leis, agus cá huair a dhéanfaidh muid dul chun cinn a sheiceáil?

TACAÍOCHT
Cad é/iad na hacmhainní, an fhoghlaim nó an comhoibriú a bheidh ina chuidiú?

FIANAISE
Cad é a thabharfaidh muid faoi deara nó a bhaileoimid ó fhoghlaim na scoláirí?

ATHBHREITHNIÚ
Cá huair a phléifidh muid an méid ar éirigh leis agus na rudaí atá le hathrú?







Féinmheastóireacht Scoile

Inneall ar son Athraithe







Cén dóigh a bhfuil an próiseas FMS in úsáid againn chun pleanáil, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú curaclaim inár scoil?

Ceisteanna



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Míle Buíochas

CC BY NC